Treoir do Dhearthóir

# ÚSÁID LÓGÓ EALAÍN NA GAELTACHTA

## An sprioc maidir le húsáid cheart lógó

Cuireann lógó Ealaín na Gaeltachta in iúl don phobal go bhfuil airgead poiblí ag tacú le do chuid oibre. Tá sé ríthábhachtach go dtuigeann daoine cá bhfuil a gcuid airgid á infheistiú. Tá sé tábhachtach go scaipeann tú an dea-scéal faoi do mhaoiniú. Spreag an pobal le tuiscint a fháil ar an difríocht a dhéanann maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta ar do chuid obair. Is féidir é seo a dhéanamh tríd na lógós cuí a úsáid ar gach ábhar poiblíochta a bhaineann leis an obair/togra. Is é do chuid oibre an léiriú is fearr go bhfuil cistí poiblí á n-úsáid ar mhaithe le forbairt na n-ealaíon sa Ghaeltachta. Tá sé mar choinníoll de do dheontas go n-admhaíonn tú foinse do mhaoinithe.

## Cathain ba chóir duit é a úsáid?

Ní mór duit an brandáil a úsáid nuair a fhaigheann tú scéala faoin maoiniú. Chomh maith leis sin, ní mór duit é a úsáid nuair atá tú ag cur aon ábhar amach faoin togra a fuair tú maoiniú dó (Preas ráiteas srl).

## ÚSÁID CEART

### Cúlraí Dorcha



*Ealain Logo White

NÓ



*Ealain Logo Coloured Mark

### Cúlraí Geal



*Ealain Logo Full Colour

## ÚSÁID MÍCHEART



❌ NÁ ATHRAIGH DATH AN LÓGÓ



❌ NÁ CÁS AN LÓGÓ



❌ NÁ CUIR ÉIFEACHTAÍ LEIS AN LÓGÓ



❌ NÁ CUIR AN LÓGÓ AR CÚLRA GNÓTHACH



❌ NÁ CUIR AN LÓGÓ AR PHICTIÚR GAN CHODARSNACHT




❌ NÁ LAGHDAIGH MÉID AN LÓGÓ FAOI 140PX

## Treoir do Dhearthóir

# SAMPLAÍ

### Póstaeir




### Leabhair




### Físeán




## ÚSÁID NA GAEILGE

Tá lúcháir ar Ealaín na Gaeltachta a bheith páirteach i gcur chun cinn na Gaeilge agus i gcothú shaibhreas chultúrtha phobail na Gaeltachta. Is cuid ríthábhachtach dár bhféiniúlacht í an Ghaeilge agus sileann muid gur cheart í a cheiliúradh agus a neartú gach uair gur féidir.

Ba chóir do thionscadail atá maoinithe ag Ealain na Gaeltachta an Ghaeilge a úsáid ina n-ábhar bolscaireachta, cibé acu trí phóstaeir, trí phostálacha ar na meáin shóisialta, ar suíomh gréasáin nó trí chomharthaíocht ag imeachtaí, i nGaeilge nó dháteangach ar a laghad. Trí bheith ag obair le chéile chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a cheiliúradh, is féidir linn a chinntiú go leanfaidh sí de bheith rathúil agus go bhfanfaidh sí ina cuid bhríomhar dár dtírdhreach cultúrtha do na glúnta atá le teacht.

## TREORACHA BREISE

•Bí cinnte taggáil a dhéanamh ar **@enagaeltachta**, am ar bith a phostálann tú ábhar ar na meáin shóisialta

•Nuair atá lógó Ealaín agus lógó Cuisle in úsáid agat, cuir lógó Ealaín ar dheis chun cothromaíocht a choinneáil sa bhrandáil.

•Ó am go chéile, ní mór lógó Ealaín na Gaeltachta a chur le lógó eile de chruthanna agus de mhéideanna éagsúla. Cuisle/Údárás/An Chomhairle Ealaíon, Roinn na G, Stráitéis 20 bl srl

•Ní bheidh gá orthu siúd a fhaigheann maoiniú faoi 1,000 ach lógó Ealaín a úsáid nó lógó Ealaín & Cuisle.

•Do na togra a fhaigheann níos mó ná sin beidh orthu lógó Ealaín, Údarás agus An Chomhairle Ealaíon a úsáid. Más togra Cuisle ata ann, beidh orthu lógó Ealaín, Cuisle, Údaras agus an Roinn a úsáid

# LEAGAN AMACH LOGO EALAÍN

Tá leagan amach na lógónna tábhachtach chun an branda a choinneáil glan agus comhsheasmhach. Bí cinnte an méid ceart spás a fhágáil idir an teorainn agus idir gach lógó. Coinnigh an lógó ar thaobh na láimhe deise i gcónaí ar aon ábhar a bhfuil tú ag obair air. Ba chóir duit iarracht a dhéanamh iad a chur ar bharr an leathanaigh ar dtús, ach mura féidir é seo a dhéanamh, cuir ar bun an leathanaigh iad.

## Ealaín
## 4:5 / 9:16




## Ealaín + Comhoibrithe
## 4:5 / 9:16




